

# ***Tosaíochtaí Corparáideacha na gCoimisinéirí Ioncaim 2021***

## **Ár Misean**

Freastal ar an bpobal trí chánacha agus trí dhleachtanna a bhailiú go cothrom agus go héifeachtach agus trí rialuithe Custam a chur i bhfeidhm

**Seirbhísí do  
Chomhlíontacht**

**Aghaidh a  
Thabhairt  
ar  
Neamhcho  
mhlíontacht**

## **Ár bhFís**

Chun bheith ar cheann de na córais riartha cánach agus Custam is mó chun tosaigh le muinín an phobail agus a bheith ar an rogha fostóra

Leagann Ráiteas Straitéise 2021 go dtí 2023 na gCoimisinéirí Ioncaim amach ár Misean, ár bhFís agus ár gCroíluachanna. Leagann sé amach ár gcuspóirí ard-leibhéal don tréimhse trí bliana faoinár ndá bhunchloch, is é sin *Seirbhís le haghaidh Comhlíontachta agus Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht* agus ár aghaidh a thabhairt chun dul i mbun na hoibre trínár ndaoine, struchtúir agus córais.

Tagann Tosaíochtaí Corparáideacha na gCoimisinéirí Ioncaim 2021 lenár Ráiteas Straitéise. Tá na tosaíochtaí seo mar bhonn eolais do Phleananna Gnó na Rannóg le haghaidh 2021. Is iad na Pleananna Gnó Rannóige na chéad cheann de thrí cinn a chuirfear i bhfeidhm thar shaolré an Ráitis Straitéise.

Tá an timpealleacht ina bhfeidhmíonn na Coimisinéirí Ioncaim fós an-chorrach agus ní mór dúinn a bheith airdeallach, gasta, acmhainneach agus freagrúil i gcás aon athruithe nó forbairtí gan choinne. Déanfaidh muid athbheachtú agus leagfaidh muid ord tosaíochtaí amach in athuir ionas go mbeidh muid in ann freagairt i leith aon dúshlán gan choinne. Is é seo an cás go háirithe agus Éire ag dul i dtaithí ar dhéileáil le COVID-19, an geilleagar a atógáil agus bainistiú a dhéanamh ar na himpleachtaí a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe ag fágáil ar AE i rith 2021.

Croí-obair na gCoimisinéirí Ioncaim is ea cánacha agus dleachtanna a bhailiú. Tá ocht príomhréimse tosaíochta aitheanta ag ár Ráiteas Stráitéise 2021 go 2023. Tá siad curtha ar fáil thíos agus le haghaidh gach ceann, tá na bunghníomhaíochtaí pleanáilte do 2021 curtha in iúl.

1. **TACAÍOCHT A THABHAIRT DON FHREAGRA NÁISIÚNTA AR AN bPAINDÉIM.** *Leanfaidh muid de na scéimeanna agus forálacha a thug an Rialtas isteach mar fhreagra ar COVID-19 a riar agus a mhaoirsiú, lena n-áirítear an Scém Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF), an Scém Tacaíochta Sriantaí COVID-19 (STSC), Fan agus Caith, Faoiseamh ó Chailleanais Brostaithe agus Stórasú Fiachais. Beidh muid sofhreagrúil agus acmhainneach i gcónaí maidir leis an gcumas tacaíocht a thabhairt don Stát i gcoinne thionchar COVID-19 ar an ngeilleagar.*

In 2021, déanfaidh muid an méid seo:

1. Cuirfidh muid scéimeanna agus soláthar COVID-19 an Rialtais i bhfeidhm chun tacú le gnóthaí agus ioncaim a chosaint.
2. Soláthróidh muid tacaíochtaí agus treoracha riachtanacha do ghnóthaí agus daoine aonair.
3. Cuirfidh muid bearta maoirseachta oiriúnacha i bhfeidhm chun comhlíontacht a chinntiú le téarmaí na scéimeanna agus an soláthar.

2. **SEIRBHÍS DEN SCOTH A CHUR AR FÁIL.** *Déanfaidh muid ár múnla seirbhíse i leith comhlíontachta a athbheachtú agus a athdhíriú, agus riachtanais ár gcustaiméirí, taithí an tsoláthair seirbhíse le linn na paidéime, athruithe sna múnlaí gnó agus ról agus obair na ngníomhairí cánach agus na n-idirghníomhaithe á gcur san áireamh. Déanfaidh muid tuilleadh forbartha ar dheiseanna le leas a bhaint as buntáistí teicneolaíochta agus léargais sonraí ar fud ár n-idirghníomhaithe gnó.*

In 2021, déanfaidh muid an méid seo:

1. Straitéis nua a thabhairt ar aghaidh le haghaidh Seirbhísí do Chomhlíontacht de réir ár mbonn cásanna deighilte, ag tógáil ar an timpeallacht ghnó atá ag athrú, na ceachtanna a foghlaimíodh ó bheith ag obair le linn na paidéime COVID-19 agus na deiseanna chun seirbhísí a phearsanú.
2. Na roghanna agus na hamlínte a mheas maidir le tuairisciú agus/nó nua-aoisiú a dhéanamh ar Cháin Bhreisluacha (CBL), Cáin Iarchoimeáda Díbhinne (CID), Cáin Conarthaí Iomchuí (CCI), Cáin Iarchoimeáda ar Sheirbhísí Gairmiúla (CISG), Dleachtanna Stampa agus Cáin Fáltas Caipitiúil (CFC) a leathnú.
3. Tograí a thabhairt ar aghaidh agus athbreithniú a dhéanamh orthu maidir le tacaíochtaí do ghníomhairí agus idirghabhálaithe chun comhlíontacht shaorálach thráthúil a sholáthar dá gcliainnt.

3. **COMHLÍONTAcht IN AM A UASMHÉADÚ.** *Cuirfidh muid tuilleadh feabhais ar ár n-idirghníomhaíocht fíor-ama agus freagra ar riosca, ag tógáil ar dheighilt ár mbonn custaiméirí. Bainfidh muid leas as ár mbailiúcháin sonraí agus ár gcumas ard-anailísíochta. Leanfaidh muid d'fhéin-athbhreithniú agus féincheartúchán ag cáiniócoirí a spreagadh. Cuirfidh muid creat athbhreithnithe um idirghabhálacha comhlíontachta i bhfeidhm a thacaíonn le hidirghníomhú luath agus éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíontacht, bunaithe ar an leibhéal riosca agus iompar cáiniócoirí.*

In 2021, déanfaidh muid an méid seo:

1. Tabharfaidh muid chun críche an t-athbhreithniú ar ár gcreat idirghabhálacha comhlíontachta agus cuirfidh muid i bhfeidhm na hathruithe atá ag teastáil le cinntiú go bhfeidhmíonn an múnla chun comhlíontacht na gcáiniócoirí a chothú go héifeachtach.
2. Cur chuige earnála agus grúpabhunaithe a chur i bhfeidhm chun riosca a thuiscint agus comhlíontacht a uasmhéadú.
3. Tograí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a chuireann cur chuige níos comhtháite ar fáil maidir le seirbhís do chustaiméirí, bainistiú comhlíontachta agus bainistiú fiachais.

4. **TEICNEOLAÍOCHT.** *Tabharfaidh muid tosaíocht do chlár athnuachana teicneolaíochta na gCoimisinéirí Ioncaim le cinntiú go bhfuil an t-ardán agus cumas TF againn cur lenár bpríomhchlár gnó agus cánacha agus dleachtanna a nuachóiriú tuilleadh, ag díriú ar phróiseas uathoibríthe, digitiú agus seirbhísí a phearsantú. Leanfaidh muid dár bpáirt a imirt i bhforbairt Bhonneagair Sonraí Náisiúnta na hÉireann.*

In 2021, déanfaidh muid an méid seo:

1. Leanúint le hathnuachan a dhéanamh ar ár mbonn teicneolaíochta, de réir ár Straitéis TFC agus obair ár mBord Seirbhísí Gnó, chun inbhuanaitheacht na seirbhísí a cuireann muid ar fáil a chinntiú.
2. Leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua oiriúnacha chun uathoibríú na bpróiseas agus na seirbhísí do cháiniócoirí a fheabhsú.
3. Breathnú go mion ar dheiseanna chun ár bpróisis a athchóiriú, lena n-áirítear níos mó comhtháthaithe idir seirbhísí ar líne na hearnála poiblí, leaganacha as líne d'fhoirmeacha leictreonacha na gCoimisinéirí Ioncaim a scor agus córas in-bliana d'éilimh creidmheasa cánach a thabhairt isteach.

5. **ÁBALTACHT AGUS CUMAS IN IONAD OIBRE ATHRAITHEACH.** *Mar eagraíocht mhuinteartha, leanfaidh muid orainn ag infheistiú inár bhfoireann, barr feabhais a chur ar scileanna ceannaireachta, bainistíochta agus teicniúla atá riachtanach don lá inniu agus le haghaidh na ndeacrachtaí riaracháin athraitheacha amach anseo atá ag teacht chun cinn. I gcomhairle lenár bhfoireann agus ag foghlaim ó thaithí chianoibre na bliana 2020, déanfaidh muid athbhreithniú ar ár gcleachtais oibre agus ionad oibre, i ndáil lenár dtosaíochtaí gnó, athchóirithe fhoriomlána na Státseirbhíse, sláinte agus leas ár bhfoireann, chomh maith lena gcuid riachtanais oiliúna, mheantóireachta agus tacaíochta.*

In 2021, déanfaidh muid an méid seo:

1. Athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcur chuige maidir le cianobair, oibríochtaí taobh amuigh de ghnáthuaireanta, poist allúntais agus sealobair, chun cur chuige hibrideach nó cumaiscthe a chruthú chun an tsolúbthacht in uaireanta oibre agus in áit oibre a uasmhéadú, agus seirbhísí ar ardchaighdeán a chinntiú go leanúnach.
2. Forbairt a dhéanamh ar ár bPlean Fórsa Saothair 2021–2025 chun tacú le hearcaíocht, uasoiliúint agus sofhreagrúlacht maidir le úsáid ár bhfoireann, nuálaíocht agus leas ár bhfoireann a chothú tríd an tionscnamh “RevWell” agus comhoibríú tras-rannóige i gcomhréir le tosaíochtaí eagraíochtúla.
3. Athbhreithniú a dhéanamh ar sheachadadh ár bPlean Gníomhaíochta Dualgas Earnála Poiblí 2018–2020 lena chinntiú go gcomhlíonann muid ár n-oibleagáidí ina leith seo agus ár bPlean Gníomhaíochta nua um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú a thabhairt chun críche.

6. **IMEACHT AN RÍOCHTA AONTAITHE ÓN AE.** Cuirfidh muid leis na bunúis láidre oibre atá déanta againn agus leanfaidh muid d'idirghníomhú a dhéanamh le gnóthaí agus príomh-gheallsealbhóirí eile. Imreoidh muid ár ról in obair uile tras-Rialtais, le gluaiseacht trádála dlísteanaí éifeachtach a éascú, chomh maith le hiomaíocht náisiúnta a mhéadú, díriú agus cur isteach ar thrádáil neamhdhleathach, agus aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíontacht.

In 2021, déanfaidh muid an méid seo:

1. An beartas agus cur chuige oibríochta aontaithe i leith an Bhreitheachta a fheidhmiú agus a bhainistiú de réir bheartas an Rialtais
2. Idirghníomhú a dhéanamh le gnóthaí agus príomh-gheallsealbhóirí eile lena n-áirítear An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM), Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (ÚSBE) chun gnóthaí comhlíontacha a éascú trí na seiceálacha agus rialuithe teorann riachtanacha a chur i bhfeidhm chomh héifeachtúil agus is féidir.
3. Monatóireacht a dhéanamh ar na rioscaí agus na dúshláin nua a eascraíonn as gaireacht gheografach tríú tíre dár dteorainn agus aghaidh a thabhairt orthu.

7. **ANAILÍS PHOLASÁÍ.** Leanfaidh muid de bheith ag obair i ndlúthchomhar leis an Roinn Airgeadais le hanailís agus ionchur riaracháin a chur ar fáil chun tacú leis an gcomhairle pholasaí is fearr a sholáthar i leith fheidhmiú chreat cánach an Stáit le dualgais an Rialtais a chomhlíonadh. Tacóidh muid le cur i bhfeidhm Chlár an Rialtais, an Plean Gníomhaíochta Aeráide agus an Coimisiún Leasa agus Cánachas molta. Iarrfaidh muid torthaí polasaí a mhúnlú, a dhéanann comhlíontacht a dhearadh, neamhchomhlíontacht a laghdú agus an t-ualach riaracháin ar cháiniócóirí a uasmhéadú.

In 2021, déanfaidh muid an méid seo:

1. Glacfaidh muid páirt ghníomhach leis an Roinn Airgeadais agus páirtithe leasmhara sa mheastóireacht agus forbairt ar an gcreat oibre beartais cánach agus dleachta.
2. An Clár Tacaíochta Rialtais le haghaidh athruithe ar Cháin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) do 2022.
3. Seasamh oibríochta eolasach agus fianaise-bhunaithe a thabhairt chuig díospóireachtaí ar roghanna beartais a uasmhéadaíonn comhlíontacht shaorálach, a choisceann neamhchomhlíontacht agus a laghdaíonn costais chomhlíontachta do cháiniócóirí.

8. **CLÁR NA gCÁNACHA AGUS CUSTAM IDIRNÁISIÚNTA.** Tacóidh muid leis an Aire agus an Roinn Airgeadais an clár idirnáisiúnta athraitheach cánach a mhúnlú agus aghaidh a thabhairt air chomh maith. Tacóidh muid leis na forbairtí ar fud an AE, an OECD agus an Eagraíocht Dhomhanda Custam, ag baint úsáide as ár dtionchar mar chóras comhtháite cánach agus custam thar na tionscnaimh uile.

In 2021, déanfaidh muid an méid seo:

1. Oibreoidh muid go dlúth leis an Roinn Airgeadais i leith mholtaí an AE agus an OECD chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a bhaineann le digitíú agus cánachas idirnáisiúnta ar chuideachtaí.
2. Déanfaidh muid iarracht torthaí a chosnóidh clú na hÉireann a mhúnlú agus an t-ualach comhlíontachta agus riaracháin ar cháiniócóirí a íoslaghdú.
3. Tógáil ar an bhFís Réamhfhéachana do Chustaim 2040, tionchar a imirt agus páirt a ghlacadh ar fhorbairt an bheartais custam agus cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta Custam.